Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas

Plean Straitéiseach 2017-2022

sdcsp.ie
South Dublin County Sports Partnership
SPÓRT ÉIREANN

Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

hi Healthy Ireland

SPÓRT ÉIREANN
COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ ÁITIÚLA SPÓIRT

Ár nAidhm

Deiseanna a fhorbairt agus a chur ar aghaidh le haghaidh rannpháirtíocht mhéadaithe i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil ag pobal Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, beag beann ar chúlra, aois ná cumas.

Bainfimid an méid sin amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le clubanna, scoileanna, grúpaí pobail agus gnóthais go díreach agus go hindíreach
- Cláir agus tionscnaimh a chomhordú agus a sholáthar
- Tacú le comhpháirtíochtaí idir gníomhaireachtaí
- Féachaint le feabhas a chur ar shochar ár n-acmhainní, lena n-áirítear ár saoráidí tógtha agus nádúrtha, ár n-acmhainní airgeadais agus ár bpearsanra
- Solúbthacht a thaispeáint agus díriú ar leith a chur ar na réimsí is mó gá
- Aighneachtaí a dhéanamh maidir le pleananna áitiúla agus náisiúnta a bhfuil mar aidhm leo spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil inár bpobal a chur ar aghaidh.

Ár gColúin Straitéiseacha

Treorú!

Cuspóir

Breisoiliúint a chur ar cheannairí spóirt chun a chinntiú gurb ann do thús eolais níos fearr ar spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil agus gurb ann do chonairí níos fearr iontu siúd.

Gníomhartha

Acmhainn a fhorbairt i measc cóitseálaithe club, baill foirne saoráidí spóirt, múinteoirí, oibrithe deonacha pobail agus daoine eile trí oiliúint ceannaireachta a chur ar fáil i raon leathan réimsí (lena n-áirítear Cosaint Leanaí, Garchabhair Spóirt, Feasacht ar Mhíchumas, etc.).

Cuirfimid tacaíocht ar fáil trí na nithe seo a leanas freisin:

- Seimineáir Faisnéise
- Tacaíocht fóirdheontais d'oiliúint ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, go háirithe do spóirt mhionlaigh agus d'aon réimse eile ina bhfuil riachtanais shainaitheanta.

Torthaí

- Líon níos airde cóitseálaithe, riarthóirí agus oibrithe deonacha atá cáilithe
- Tá clubanna áitiúla in ann fás agus forbairt mar go bhfuil sé ar a gcumas soláthar níos fearr spóirt/áineasa a chur ar fáil don phobal
- Tá níos mó múinteoirí in ann aclaíocht áineasa a threorú do leanaí óga
- Tá níos mó daoine in ann spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a úsáid mar uirlis dul chun cinn gairme.

Ár gColúin Straitéiseacha

Spreagadh!

Cuspóir

Gníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú i measc na ndaoine is lú gníomhaíocht.

Gníomhartha

Féilire bhliantúil imeachtaí agus clár a eagrú lena ndírítear ar an bpobal ar fad nó ar earnálacha sonracha den phobal.

Tacú le gníomhaíochtaí a soláthraíonn eagraíochtaí comhpháirtíochta iad agus lena gcomhlíontar ár sprioc um rannpháirtíocht a spreagadh i measc an phobail leathain agus spriocghrúpaí tábhachtacha, lena n-áirítear leanaí, mná, daoine breacaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

Torthaí

- Tá rochtain ag an bpobal leathan ar níos mó deiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla
- Tacófar le spriocghrúpaí sonracha saol níos gníomhaí a bheith acu
- Tá eagraíochtaí áitiúla in ann rochtain a fháil ar chistiú seachtrach agus ar thacaí eile.

Breisiú!

Cuspóir

Úsáid ár n-acmhainní a mhéadú, lena n-áirítear ár saoráidí tógtha agus nádúrtha, ár n-acmhainní airgeadais agus ár bpearsanra.

Gníomhartha

Dul i mbun oibre le comhpháirtithe áitiúla chun úsáid mhéadaithe ár n-acmhainní tógtha (ionaid phobail, saoráidí fóillíochta) agus ár n-acmhainní nádúrtha (sléibhte, páirceanna, uiscebhealaí) a chur ar aghaidh agus a chur chun cinn.

Tacú le clubanna agus eagraíochtaí sa cheantar áitiúil atá ag lorg cistiú deontais le haghaidh saoráidí a fheabhsú.

Gníomhú mar bhealach cumarsáide le gníomhaireachtaí eile agus féachaint le dea-thionchar a imirt ar an mbeartas sna réimsí seo agus é a chur chun feidhme: an Plean Forbartha Contae; an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail; an Plean Turasóireachta; an Plean um Chontaetha Sláintiúla, an Straitéis Imeartha; an Straitéis Siúil/Rothaíochta; an Straitéis um Míchumas; an Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil; straitéis Spórt Éireann; beartas spóirt na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; agus nithe eile de réir mar a thagann siad chun cinn.

Gníomhú mar bhealach cumarsáide don phobal leathan, agus faisnéis á cur ar fáil faoi dheiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla sa chontae.

Torthaí

- Feasacht níos mó i measc an phobail ar na saoráidí áitiúla atá ar fáil agus ar na gníomhaíochtaí a dtacaíonn siad leo
- Líon méadaithe clár comhpháirtíochta atá ag cabhrú le húsáid ár n-acmhainní a mhéadú
- Gníomhú mar thacadóir chun a chinntiú go soláthraítear saoráidí do phobal Chontae Bhaile Átha Cliath Theas
- Dea-thionchar a imirt ar phleanáil sa todhchaí a bhfuil mar aidhm léi spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn

Rud a bheidh mar bhonn agus thaca ag gach ceann dár ngníomhartha is ea béim láidir ar chomhpháirtíocht agus cumarsáid agus ar dhea-rialachas, faireachán agus measúnú chun a chinntiú go bhfuil luach ar airgead á sholáthar agus go bhfuil fianaise ar éifeachtacht ann.

Téigh chuig www.sdcsp.ie chun leagan níos mine den phlean seo a fháil

Na Baill de Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas

- Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
- Páirtíocht Chontae Átha Cliath Theas
- Comhlachtaí Spóirt – CLG Bhaile Átha Cliath, Rugbaí Laighean, Cumann Peile na hÉireann (FAI)
- Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Bhaile Átha Cliath Theas
- Cumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas
- Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta

sdcsp.ie
South Dublin County Sports Partnership
SPÓRT ÉIREANN

Halla an Chontae
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24
D24 YNN5
Éire

+353 (1) 414 9000
info@sdcsp.ie
www.sdcsp.ie
sdcsp
SDCSP1